**TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2 Meitheamh 2026**

**maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann le rialú teorann arna athbhunú ag an Danmhairg ag a teorainneacha talún agus farraige leis an nGearmáin i gcomhréir le hAirteagal 27a(3) de Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen)**

**(Is é an téacs Danmhairgise amháin atá barántúil)**

(C/2026/4257)

(1) I gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac'.

(2) De bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (códú) ([1]), d'fhéadfadh Ballstát, nuair a bhíonn bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, rialú teorann a athbhunú ar bhonn eisceachtúil sealadach ag a theorainneacha inmheánacha ar fad nó ag codanna sonracha dá theorainneacha inmheánacha. Níor cheart an méid sin a dhéanamh ach amháin mar rogha dheiridh agus maidir le raon feidhme agus fad athbhunú sealadach an rialaithe teorann, níor cheart go sáródh sé sin an méid is gá chun freagairt don bhagairt thromchúiseach a sainaithníodh.

(3) Sonraítear in Airteagal 25a de Chód Teorainneacha Schengen, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt intuartha, nach mór dó fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le hathbhunú beartaithe an rialaithe sin, 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh athbhunú an rialaithe teorann atá beartaithe, nó a luaithe is féidir i gcás ina bhfuil an Ballstát ar an eolas faoi na himthosca is cúis leis an ngá le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú níos lú ná 4 seachtaine roimh an athbhunú atá beartaithe.

(4) Ceanglaítear le hAirteagal 27a(3) de Chód Teorainneacha Schengen ar an gCoimisiún, tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach i ndáil le rialú teorann ag an teorainn inmheánach a fhadú faoi Airteagal 25a(4) arb é a bhíonn mar thoradh air sin go leantar den rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná 12 mhí san iomlán, ar bhonn an fhorais chéanna, tuairim a eisiúint maidir le riachtanas agus comhréireacht an rialaithe teorann sin.

(5) Rinneadh athbhreithniú substaintiúil ar an gcreat chun rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú le Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), a tháinig i bhfeidhm an 10 Iúil 2024.

(6) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399. Mar sin féin, ó tharla go gcuirtear le *acquis* Schengen le Rialachán (AE) 2024/1717, thug an Danmhairg fógra an 19 Samhain 2024, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, faoina cinneadh Rialachán (AE) 2024/1717 a chur chun feidhme ina dlí náisiúnta.

(7) Le litir dar dáta an 11 Aibreán 2025, thug údaráis na Danmhairge fógra faoi rialú teorann a athbhunú ar bhonn Airteagal 25a de Chód Teorainneacha Schengen, ag an teorainn inmheánach leis an nGearmáin ar feadh tréimhse 6 mhí, ón 12 Bealtaine 2025 go dtí an 11 Samhain 2025.

([1]) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (IO L, 2024/1717, 20.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1717/oj).

(8) Le litir dar dáta an 15 Deireadh Fómhair 2025, thug údaráis na Danmhairge fógra faoi athbhunú an rialaithe teorainn inmheánaí a fhadú an dara uair ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 12 Samhain 2025 go dtí an 11 Bealtaine 2026. Le litir dar dáta an 15 Deireadh Fómhair 2025, thug údaráis na Danmhairge fógra faoin athbhunú sin a fhadú ar feadh tréimhse bhreise 2 mhí, ón 12 Bealtaine 2026 go dtí an 11 Iúil 2026.

(9) Le litir dar dáta an 11 Samhain agus i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, chuir an Danmhairg tuarascáil isteach maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú le haghaidh na tréimhse idir an 12 Samhain 2024 agus an 11 Samhain 2025.

(10) Bhí an Danmhairg páirteach in idirphlé struchtúrtha an Choimisiúin maidir le hathbhunú an rialú teorann inmheánaí. Tar éis fógra a fháil ón Danmhairg faoi athbhunú rialaithe teorann inmheánaí, leanadh den idirphlé struchtúrtha sin mar chuid de phróiseas comhairliúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 27a(1) de Chód Teorainneacha Schengen.

(11) Tugadh tuairisc ar staid na himeartha faoi láthair ag na teorainneacha inmheánacha sa Tuarascáil ar Staid Schengen an 23 Aibreán 2025 [3] agus pléitear go tráthrialta í ag Comhairle Schengen.

(12) Tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach i ndáil le rialú teorann ag an teorainn inmheánach a fhadú faoi Airteagal 25a(4) arb é a bhíonn mar thoradh air sin go leantar den rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná 12 mhí san iomlán, tá an Coimisiún le tuairim a eisiúint maidir le riachtanas agus comhréireacht an rialaithe teorann sin, dá bhforáiltear in Airteagal 25a(3) de Chód Teorainneacha Schengen. Tháinig an oibleagáid sin chun cinn nuair a fuarthas an fógra maidir le rialú teorann a fhadú ag gach teorainn inmheánach talún an 15 Deireadh Fómhair 2025.

(13) Tar éis measúnú a dhéanamh ar na fógraí agus ar an tuarascáil, arna forlíonadh leis an bhfaisnéis a soláthraíodh faoi chuimsiú an phróisis comhairliúcháin agus doiciméid oifigiúla eile, nithe atá ar fáil go poiblí, glacann an Coimisiún an Tuairim seo a leanas

MEASÚNÚ AR NA FÓGRAÍ AGUS AR AN TUARASCÁIL

I. CEANGLAIS FHOIRMIÚLA

(14) Faoi chuimsiú athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí, forchuirtear roinnt oibleagáidí foirmiúla ar na Ballstáit le Cód Teorainneacha Schengen.

(15) Deimhníonn an Coimisiún gur cuireadh isteach go tráthúil na fógraí faoi rialuithe teorann a athbhunú agus a fhadú ag an teorainn talún agus farraige leis an nGearmáin i ndáil le hAirteagal 25a (4) CTS agus i gcomhréir leis an teimpléad a bunaíodh chun na críche sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún [4].

(16) Tugadh fógra an 11 Aibreán 2025 faoi athbhunú a fhadú faoi rialacha Chód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe. Mar sin féin, i bhfianaise sheasamh sonrach na Danmhairge faoi Phrótacal Uimh. 22, measfar go bhfuil an fógra sin ina chéad fhógra, ós rud é gur thug an Danmhairg fógra an 19 Samhain 2024 faoina cinneadh Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe a chur chun feidhme ina dlíchóras náisiúnta.

(17) Tugann an Coimisiún dá aire, cé go dtagraítear go sonrach sna fógraí d'athbhunú agus d'fhadú an rialaithe ag na teorainneacha inmheánacha talún agus farraige leis an nGearmáin, go luaitear ann freisin go bhféadfar an rialú teorann inmheánaí a leathnú chun teorainneacha inmheánacha eile a chumhdach má thagann na bagairtí tromchúiseacha dá dtagraítear san fhógra chun cinn ag na teorainneacha sin. Mar sin féin, ós rud é go gceadaítear le hAirteagal 25 de Chód Teorainneacha Schengen do Bhallstát rialú teorann inmheánaí a athbhunú láithreach i gcás imeachtaí nárbh fhéidir a thuar, ní mheasann an Coimisiún go gceadaítear le fógra faoi Airteagal 27(1) athbhunú coinníollach den sórt sin a dhéanamh i leith rialú teorann inmheánaí.

(3) COM (2025) 185 final.
(4) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena mbunaítear teimpléad chun fógra a thabhairt maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú ar bhonn sealadach (IO L, 2025/315, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/315/oj).

(18) Tugann an Coimisiún dá aire go leanann an tuarascáil ar athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí idir an 1 Samhain 2024 agus an 31 Deireadh Fómhair 2025, bunaithe ar Airteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, an fhormáid aonfhoirmeach a bunaíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/308 ([5]).

II. RIACHTANAS AGUS COMHRÉIREACHT

**Seasamh Údaráis na Danmhairge**

(19) Agraíonn údaráis na Danmhairge bagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil inmheánach, go sonrach bagairt na gcionta sceimhlitheoireachta agus bagairt na coireachta eagraithe tromchúisí.

(20) Ar bhonn an mheasúnaithe a rinne an Lárionad um Anailís ar Sceimhlitheoirí (CTA) de chuid Sheirbhís Slándála agus Faisnéise na Danmhairge (PET), tá an bhagairt sceimhlitheoireachta ar an Danmhairg fós tromchúiseach (leibhéal 4 as 5). De réir CTA, meastar go leanfaidh an leibhéal bagartha sin de bheith ann ar feadh thréimhse an fhógra sin faoi athbhunú rialuithe teorann inmheánaí. Baineann an bhagairt thromchúiseach le gníomhaithe bagartha aitheanta, amhail an Stát Ioslamach agus Al-Qaida, chomh maith le gníomhaithe nua.

(21) Chinn CTA, PET, agus Seirbhís Faisnéise Cosanta na Danmhairge (FE) gur measa fós an bhagairt sin mar gheall ar an gcoinbhleacht sa Mheánoirthear, agus go bhfuil baol ar leith ann do leasanna Giúdacha agus Iosraelacha. In 2024, tionscnaíodh dhá ionchúiseamh choiriúla i gcoinne daoine aonair as ionsaí a dhéanamh a bhí dírithe ar leasanna Giúdacha agus Iosraelacha.

(22) Chinn PET freisin, i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus an teannais idir an Rúis agus comhghuaillithe na hÚcráine, go bhfuil sé d'acmhainn ag seirbhísí faisnéise na Rúise ionsaithe hibrideacha ar an Iarthar a threisiú, lena n-áirítear ionsaithe ar an Danmhairg, agus go bhfuil gníomhartha sabaitéireachta déanta acu cheana féin san Eoraip.

(23) Ní thugtar aon mhionsonraí breise i bhfógra na Danmhairge maidir le bagairtí tromchúiseacha a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe thromchúiseach.

(24) Sa tuarascáil uathu, tugann údaráis na Danmhairge dá n-aire nach ndearnadh aon ghabháil bunaithe ar chionta sceimhlitheoireachta sa tréimhse idir an 12 Samhain 2024 agus an 11 Samhain 2025, cé go ndearnadh 35 mheasúnú slándála i ndáil le daoine a thrasnaigh an teorainn inmheánach isteach sa Danmhairg. Taifeadadh 18 gcúiseamh i leith smuigleáil daoine. Ina theannta sin, thaifead Póilíní na Danmhairge 2 704 chúiseamh i leith cionta coiriúla, lena n-áirítear seilbh arm agus seilbh agus trádáil drugaí. Mar sin féin, bheadh formhór na gcionta inphionóis le fíneáil, lena n-áireofaí cionta tráchta drugaí.

(25) Cuireann údaráis na Danmhairge i dtábhacht comhréireacht an rialaithe teorann inmheánaí a athbhunaíodh. Ní hionann seiceálacha ag an teorainn inmheánach agus seiceálacha ag an teorainn sheachtrach agus déantar iad mar spotseiceálacha rioscabhunaithe, agus déantar a minicíocht agus a ndéine a choigeartú i gcomhréir leis an líon taistealaithe a bhfuil coinne leo, leis na dálaí áitiúla agus leis na patrúin taistil ag gach pointe trasnaithe.

(26) Aithníonn údaráis na Danmhairge go gcuireann Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe níos mó spáis ar fáil do rialuithe póilíneachta i limistéir teorann ach measann siad nach bhfuil a dhóthain soiléireachta ann maidir le raon feidhme na rialuithe sin agus, dá bhrí sin, roghnaíonn siad an rialú teorann inmheánaí a choinneáil ar bun.

**Barúlacha ón gCoimisiún**

(27) Chuir údaráis na Danmhairge faisnéis ar fáil maidir leis na gnéithe éagsúla de na bagairtí tromchúiseacha sainaitheanta ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí chomh maith le hargóintí chun bunús a thabhairt le riachtanas agus comhréireacht an rialaithe teorann a athbhunaíodh.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/308 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena mbunaítear formáid aonfhoirmeach le haghaidh na tuarascála ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/308, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/308/oj).

(28) Aithníonn an Coimisiún leibhéal méadaithe na bagartha sceimhlitheoireachta mar a bhunaigh seirbhísí inniúla na Danmhairge é, chomh maith leis an teannas domhanda a d'eascair as an gcogadh sa Mheánoirthear agus as cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Leis na hionsuithe a rinne dróin de bhunáitíocht anaithnid ar an aerspás náisiúnta le déanaí i roinnt Ballstát, lena n-áirítear sa Danmhairg, rud a chuir isteach ar an eitlíocht shibhialta, deimhnítear go bhfuil teannas slándála ann.

(29) A mhéid a dhéanann an staid slándála dhomhanda difear do na Ballstáit uile, leis an bhfógra a chuir údaráis na Danmhairge isteach, ní féidir leis an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann na bagairtí tromchúiseacha sin difear don Danmhairg go háirithe, ná ar an gcaoi a dtugtar aghaidh ar na bagairtí sin le hathbhunú an rialaithe teorann ag an gcuid shonrach sin den teorainn inmheánach.

(30) Tugann an Coimisiún dá aire go raibh faisnéis níos beaichte san fhógra roimhe sin, a fuarthas an 11 Deireadh Fómhair 2024, maidir leis an mbagairt thromchúiseach a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus leis an tsabaitéireacht. Mar sin féin, bhain an fhaisnéis sin le fíorais a théann siar chomh fada le 2022, agus níl sé soiléir fós a mhéid a lean an fhaisnéis sin de bheith ábhartha i ndáil le fógra an 11 Aibreán 2025.

(31) Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil aon fhianaise ann maidir le méadú ar iontrálacha neamhdhleathacha saoránach den Rúis a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar an tslándáil inmheánach. Thairis sin, ba cheart cur i bhfeidhm comhsheasmhach threoirlínte an Choimisiúin an 30 Meán Fómhair 2022 maidir le heisiúint ghinearálta víosaí i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha agus rialuithe ar shaoránaigh Rúiseacha ag na teorainneacha seachtracha a bheith ina mhodh breise chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní slándála a shainaithnítear san fhógra [6].

(32) A mhéid atá athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí spreagtha freisin ag bagairtí tromchúiseacha a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe, níl an fhaisnéis is gá san fhógra chun meastóireacht a dhéanamh ar chineál agus ar thábhacht an fhorais sin agus chun a mheas an féidir aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na bagairtí sin trí athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí.

(33) Tugann an Coimisiún dá aire nach dtagraítear sna fógraí tar éis an athbhreithnithe ar Chód Teorainneacha Schengen, murab ionann agus an fógra roimhe sin an 11 Deireadh Fómhair 2024, d'iontrálacha neamhúdaraithe i limistéar Schengen mar fhoras chun rialú teorann inmheánaí a atbhunú.

(34) Cé go gcuirtear tuilleadh faisnéise ar fáil sa tuarascáil a chuir údaráis na Danmhairge isteach maidir le líon agus cineál na gcúiseamh coiriúil a rinneadh i ndáil le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí i gcomparáid leis na fógraí maidir le fadú, níl an Coimisiún in ann measúnú eolasach a dhéanamh ar an ngá atá le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí in éagmais faisnéis níos mionsonraithe lena nasctar na cúisimh leis na bagairtí tromchúiseacha atá mar bhonn leis an gcinneadh rialú teorann inmheánaí a athbhunú. Maidir leis an raon feidhme ama a bhaineann le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí, tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil aon mhíniú ann ar an gcúis gur cosúil gurb iomchuí fad 6 mhí, seachas tréimhse níos giorra.

## III. BEARTA MALARTACHA

**Seasamh Údaráis na Danmhairge**

(35) Áitíonn údaráis na Danmhairge go bhfuil rialú ag teorainneacha inmheánacha fós ina ionstraim úsáideach in éineacht le bearta malartacha.

(36) Tá a n-iarrachtaí treisithe ag Póilíní Náisiúnta na Danmhairge chun an choireacht a chomhrac i limistéir teorann, lena n-áirítear níos mó patróil, úsáid ladrann agus Córas Uathaitheanta Uimhirphlátaí (ANPR). Tá ANPR cumasaithe ag

[6] C(2022) 7111 final Teachtaireacht ón gCoimisiún 1. lena nuashonraítear treoirlínte maidir le heisiúint ghinearálta víosaí i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha tar éis Chinneadh (AE) 2022/1500 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise a chur ar fionraí go hiomlán; agus 2. lena soláthraítear treoirlínte maidir le rialuithe a dhéantar ar shaoránaigh Rúiseacha ag na teorainneacha seachtracha. Léireodh na figiúirí go bhfuil na Ballstáit ag leanúint na dtreoirlínte i gcoitinne: tá laghdú tagtha ar an líon foriomlán víosaí a eisíodh d'iarratasóirí Rúiseacha ó níos mó ná 4 mhilliún víosa a eisíodh in 2019 go dtí thart ar 0,5 milliún in 2024. Tá athrú tagtha ar an ráta diúltaithe víosa ó 1,5 % in 2019 go 7,5 % in 2024.

gach trasnú teorann, agus laistigh de cheantair phóilíneachta teorann chomh maith. Tá suiteálacha soghluaiste breise feistithe ar fheithiclí. A bhuí leis an gcóras sin, is féidir le húdaráis na Danmhairge faireachán a dhéanamh ar amais i mbunachair sonraí ábhartha agus anailísí a ullmhú. Ag pointí trasnaithe teorann cuidíonn ANPR leis an líon seiceálacha fisiceacha a bhfuil an tionchar is mó acu ar an trácht a íoslaghdú.

(37) Tá aonad oibríochtúil bunaithe ag Póilíní Náisiúnta na Danmhairge atá dírithe ar ghrúpaí coiriúla a bhíonn ag gluaiseacht thar theorainneacha inmheánacha ar chríoch na Danmhairge. Leis an bpleanáil agus leis an eagrú nua, neartaíodh go mór an comhrac in aghaidh na coireachta i limistéir teorann agus cuireadh feabhas ar an gcomhar ar fud na gceantar póilíneachta.

**Barúlacha ón gCoimisiún**

(38) Tugann an Coimisiún dá aire an dul chun cinn tábhachtach a rinneadh maidir le seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann a threisiú trí chomhar feabhsaithe laistigh de phóilíní na Danmhairge, agus le póilíní na Gearmáine araon, agus trí úsáid leathnaithe a bhaint as na modhanna teicneolaíochta uile atá ar fáil, lena n-áirítear ANPR.

(39) Cuireann an Coimisiún san áireamh nach bhfuil rochtain ag an Danmhairg, i gcomhréir leis an gclásal um rogha 'gan a bheith páirteach' faoi Phrótacal na Danmhairge, ar an leibhéal céanna faisnéise maidir le bagairtí slándála agus atá ag Ballstáit eile.

(40) Ní mhíníonn údaráis na Danmhairge cén fáth nach féidir le bearta malartacha, amhail seiceálacha póilíneachta, a bheith ina n-ionadach iomlán ar rialú teorann inmheánaí ag an teorainn inmheánach leis an nGearmáin, cé gur éirigh le húdaráis na Danmhairge an rialú teorann inmheánaí ag an teorainn idir an Danmhairg agus an tSualainn a ionadú.

(41) Meabhraíonn an Coimisiún, dá gcuirfeadh an Danmhairg seiceálacha póilíneachta in ionad rialú teorann inmheánaí, go gceadófar i gcónaí d'údaráis na Danmhairge le hAirteagal 25 de Chód Teorainneacha Schengen rialú teorann inmheánaí a athbhunú láithreach más gá chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil náisiúnta a thagann chun cinn gan choinne mar gheall ar imeachtaí nárbh fhéidir a thuar.

IV. BEARTA MAOLAITHE

**Seasamh Údaráis na Danmhairge**

(42) Áitíonn údaráis na Danmhairge, a bhuí leis an gcaoi a ndéantar seiceálacha teorann, is é sin mar spotseiceálacha rioscabhunaithe, go raibh tionchar an-teoranta ag rialú teorann inmheánaí ar thrácht trasteorann agus ar réigiúin trasteorann, cé is moite de roinnt eisceachtaí le linn an tséasúir saoire.

(43) Chun éascaíocht an tráchta a áirithiú, méadaíodh an limistéar rialaithe ag pointí trasnaithe teorann Frøslev, Kruså agus Padborg, agus cuireadh lánaí breise isteach in Padborg agus Kruså.

(44) I mí Dheireadh Fómhair 2024, thug an Danmhairg agus an Ghearmáin comhaontú i gcrích freisin lena gceadaítear don dá thír seiceálacha teorann a dhéanamh ar thraenacha ón nóiméad a thrasnaíonn na traenacha an teorainn náisiúnta, rud a chiallaíonn gur féidir le traenacha stadanna níos giorra a dhéanamh ag an gcéad stáisiún tar éis dóibh an teorainn inmheánach a thrasnú.

**Barúlacha ón gCoimisiún**

(45) Léirítear sna fógraí a chuir údaráis na Danmhairge isteach go bhfuil siad tiomanta a áirithiú go leanfaidh tionchar an rialaithe teorann inmheánaí de bheith teoranta mar a cheanglaítear le hAirteagal 26(3) de Chód Teorainneacha Schengen.

(46) Tugann an Coimisiún dá aire go ndéantar rialú teorann ar bhealach spriocdhírithe rioscabhunaithe, chun an tionchar ar thaisteal trasteorann a theorannú agus go bhfuil tionchar tuairiscithe an rialaithe teorann inmheánaí ag an Danmhairg teoranta.

(47) Tugann an Coimisiún dá aire gur thug an Danmhairg fógra don Choimisiún faoina réigiúin trasteorann faoi Airteagal 42b de Chód Teorainneacha Schengen ach nach ndéanann sí aon tagairt do na limistéir shonracha trasteorann a bhféadfadh athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí difear a dhéanamh dóibh.

## V. MOLTAÍ

(48) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhféadfadh sé gur modh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí é leas iomlán a bhaint as na bearta malartacha atá ar fáil a leagtar amach i Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún ([7]) agus as na féidearthachtaí faoi Chód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe, lena dtreisítear agus lena gcomhlánaítear na bearta atá ann cheana, chun ardleibhéal slándála a áirithiú, gan gá le rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

(49) Is díol sásaimh don Choimisiún an dul chun cinn tábhachtach atá déanta ag an Danmhairg, maidir le leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí faoi Chód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe, lena n-áirítear modhanna teicneolaíochta, mar a leagtar amach freisin i Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún.

(50) Cuireann an Coimisiún in iúl, de bhun an Rialacháin maidir le Scagadh ([8]), atá mar chuid den Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, go bhfuil seiceáil slándála ar na bunachair sonraí ábhartha uile ina cuid den scagadh ag na teorainneacha seachtracha, agus laistigh den chríoch freisin.

(51) Molann an Coimisiún don Danmhairg leas iomlán a bhaint as na sásraí atá ann cheana faoi dhlí an Aontais ina bhfuil an Danmhairg rannpháirteach chun feabhas a chur ar an gcomhar slándála agus forfheidhmithe dlí. Áirítear ar na bearta sin Córas Faisnéise Schengen nua ([9]) agus teacht i bhfeidhm EES agus ETIAS ([10]).

(52) Molann an Coimisiún don Danmhairg a bearta comhair póilíneachta a threisiú ([11]), lena n-áirítear tríd an Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) agus trína phleananna gníomhaíochta oibríochtúla éagsúla, agus na féidearthachtaí a bhaineann le comhar seirbhísí speisialaithe a threisiú ar fud an Aontais agus lasmuigh den Chomhaontú maidir le Comhar Oibríochtúil agus Straitéiseach idir an Danmhairg agus Europol.

(53) Áitíonn an Coimisiún go bhféadfaí an bealach ina ndéantar seiceálacha teorann, is é sin i bhfoirm spotseiceálacha rioscabhunaithe, a dhéanamh freisin faoi Airteagal 23 de Chód Teorainneacha Schengen, gan iallach a bheith ann rialú teorann inmheánaí a athbhunú go hoifigiúil ná cur isteach ar an tslándáil, ar choinníoll nach bhfuil éifeacht choibhéiseach ag na seiceálacha sin le seiceálacha teorann, rud a éilíonn go leanfaidh a minicíocht, a ndéine agus a bhfad de bheith teoranta ([12]).

([7]) Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2023 maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha (IO L, 2024/268, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/268/oj).

([8]) Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha (IO L, 2024/1356, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj).

([9]) Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj); Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/681/oj).

([10]) Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2226/oj); Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj).

([11]) Beidh baint ag údaráis inniúla uile na mBallstát leis 'an comhar póilíneachta', lena n-áirítear seirbhísí póilíneachta, seirbhísí custaim agus sainseirbhísí eile forfheidhmithe dlí i ndáil le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú (Airteagal 87 CFAE). Féach Moladh (AE) 2022/915 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí (IO L 158, 13.6.2022, lgh. 53).

([12]) Breithiúnas ón gCúirt an 21 Meitheamh 2017, imeachtaí coiriúla in aghaidh A, Cás C-9/16 (IO C 277, 21.8.2017, lch. 10).

(54) Meabhraíonn an Coimisiún go gceadaítear le Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe teorainneacha luais comhréireacha a thabhairt isteach i ndáil le sábháilteacht tráchta agus faireachas teicneolaíoch araon.

(55) Ar deireadh, ar bhonn scála agus chineál na mbeart malartach atá curtha i bhfeidhm ag údaráis na Danmhairge, ba cheart don Danmhairg oibriú chun deireadh a chur de réir a chéile le rialú teorann ag an teorainn inmheánach leis an nGearmáin. Fanfaidh an Coimisiún i ndlúth-theagmháil leis na Ballstáit uile lena mbaineann chun an sprioc sin a bhaint amach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Magnus BRUNNER
*Comhalta den Choimisiún*